# Polasaí Cosanta Sonraí

### Réamhrá

Baineann Cosaint Sonraí le ceart bunúsach duine maidir le príobháideachas agus ceart duine rochtain a fháil ar shonraí faoi féin agus iad a cheartú. Leagann an doiciméad seo amach polasaí RTÉ lena chinntiú go gcomhlíonaímid Achtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 a rialaíonn bailiú, próiseáil, coinneáil, úsáid agus nochtadh eolais a bhaineann le daoine aonair.

## Prionsabail Cosanta Sonraí

Comhlíonfaidh RTÉ a chuid fhreagrachtaí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí de réir ocht bprionsabal Cosanta Sonraí. Is iad sin:

1. Eolas a fháil agus a phróiseáil go cothrom

2. Eolas a choinneáil do chríocha sonraithe, follasacha agus dleathacha agus dóibh sin amháin

3. Na sonraí a úsáid nó a nochtadh ar bhealaí a thagann leis na críocha sin agus iad sin amháin

4. Na sonraí a choinneáil slán agus sábháilte

5. Na sonraí a choinneáil cruinn, críochnaithe agus cothrom le dáta

6. A chinntiú go mbeidh na sonraí dóthanach, ábhartha agus nach mbeidh siad iomarcach

7. Gan na sonraí a choinneáil níos faide ná mar is gá do na críocha a bhfuarthas iad

8. Cóip dá shonraí/sonraí pearsanta a thabhairt d'aon duine aonair cuí nuair a iarrfar sin.

### Freagracht

Ceanglaíonn RTÉ ar gach fhostaí cloí leis an bPolasaí Cosanta Sonraí agus leis na Treoirlínte Cosanta Sonraí. Má mhainnítear sin a dhéanamh, e.g. faisnéisiú neamhúdaraithe, míchuí nó iomarcach a fháil faoi dhaoine nó a nochtadh fúthu, breathnófar air sin mar shárú an pholasaí seo agus déileálfar leis de réir Pholasaí Araíonachta RTÉ. Má bhíonn fostaí sa chaoi go mbeidh sé nó sí ag déileáil le heolas pearsanta faoi fhostaithe eile, tabharfar treoir ar leithligh dó/di ar a (h)oibleagáidí, agus ní mór dó/di ceist a chur mura mbeidh sé/sí cinnte.

**Bailímid agus úsáidímid eolas chun na seirbhísí seo a leanas a chur ar fáil:**

- Seirbhís chraoltóireachta fuaime agus teilifíse náisiúnta, lena mbaineann nádúr seirbhíse poiblí agus a bheidh ina seirbhís saor go haer agus a chuirfear ar fáil, a mhéid is féidir go réasúnach don phobal ar fad ar oileán na hÉireann.

- Seirbhísí láithreáin gréasáin agus teilitéacs i ndáil le seirbhísí RTE.

- An sásamh a fhaigheann tú as ár láithreán gréasáin a chur chun cinn nó a fheabhsú.

- Seirbhísí ar-líne a chur ar fáil duit. Baineann riachtanais eolais éagsúla le gach seirbhís. Dá bhrí sin d'fhéadfadh difríochtaí a bheith idir an t-eolas a bhailítear agus an ní ar dó é. Chun mionsonraí iomlána a fháil, féach le do thoil ar théarmaí agus ar choinníollacha gach seirbhís.

- Ceolfhoirne, cóir agus grúpaí oirfide cultúir eile a bhunú agus a chothabháil i ndáil le seirbhísí RTE.
- Cartlanna agus leabharlanna a bhfuil ábhair iontu atá ábhartha do sheirbhísí RTÉ a bhunú agus a chothabháil.
- Seirbhís chraoltóireachta teilifíse agus seirbhís chraoltóireachta fuaime lena mbaineann nádúr seirbhíse poibilí agus a chuirfear ar fáil, a mhéid is féidir a mheasann RTÉ a bheith réasúnach, do phobal na hÉireann lasmuigh d'oileán na hÉireann.
- Comhoibriú agus cabhrú leis na comhlachtaí poiblí cuí ag ullmhú eolas cuí lena scaipeadh ar an bpobal agus sin a fheidhmiú sa chás go dtarlódh mór-éigeandáil.
- Seirbhísí craoltóireachta pobail, áitiúla, nó réigiúnacha lena mbaineann nádúr seirbhíse poiblí agus a bheidh ar fáil saor go haer (faoi réir na dtoilithe cuí etc.)
- Seirbhísí meán closamhairc neamhchraolacháin neamhlíneach lena mbaineann nádúr seirbhíse poiblí (faoi réir na dtoilithe cuí etc).
- Ilphléacs náisiúnta amháin nó níos mó a fheidhmiú
- Deiseanna tráchtála a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus na seirbhísí atá leagtha amach thuas á mbaint amach a shaothrú.

Cheadaigh Bord RTÉ an polasaí seo, Samhain 2009.

Ba chóir fiosrúcháin faoin bPolasaí Cosanta Sonraí seo a dhíriú ar an Oifigeach Cosanta Sonraí, RTÉ, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4.